



501

"SCEÁL MHAC a RÍOGH"

(Téigtha sios ag Liam Mac Meanman, Móinín, Clochan,  
Leithbhearr, Tír Chonaill, 6 bhéal-aithris Neddy  
*w/ Logie*, 30 bliadhna, Leitirchoilleadh, Tír Chonaill.)

(MS. 171. pp. 50—56.)



A 616:25

"Scéal Mhac a Ríogh"

Bhí bean in am amháin agus bhí nighean aici agus bhí sí an-olc ag obair; ní dhearn sí dadaidh chor a bith. Thóig sí suas í agus níor leig sí duithe dadaidh dhéanú cheudamhair agus fuair sí sa deireadh agus ní dhéanfad sí dadaidh.

Lá amháin thúsaigh sí uirthi dá bualadh agus bhuaill sí an-rud uirthi. Bhí mac a ríogh gul thart. Fuair mac a Ríogh 'steach "Goide'n fáth" arsa mac a ríogh "Bhfuil tú bualadh na giorsaighe"? "Tá" ar sise "Tá sí marbh 'g obair. T'eagla orm go muirfidh sí í fhín"

"Oh my oh" ar seisean" "Sin a seòrt cailin ata dhith ar mo mháthair agus bheife me liom í ar feudh tumaill, agus ma thaitnígheann sí liom posfaidh mé í — ma thaitnígheann sí le mo máthair".

Thug leis a cailin agus thug isteach í ag an tsean-bhárrioghan agus d'innis dō fán oibridhe mhaith abhí sa chailin

"Oh b'fheidir" arsa'n sean-bhárrioghan "Nac bhfuil sí ach a leigint uirthi, nach bhfuil maith ar bith innti ach bheirfe me"— thug a tsean-bhárrioghan— fuair sí a suipear an oiche sin agus ar maidin lá'r na mhárrach thug a tsean-bhárrioghan isteach barrach chuici da sniomh.



A 616:26

2.

Thug sí 'steach barrach chuici agus ní rabh sí ábalta an bhit do sniomh. Shuidhe sí annsin ag iarraidh bheith sniomh agus chuiread sí thart a rotha agus ní rabh sí ábalta thúsaigh sí chaoineadh sa deireadh. Smaotigh sí nuair a ba chéir duith bheith— nuair a ba choir duith oibriú nar oibir sí— thúsaigh sí chaoineadh— ag caoineadh; sa deireadh thenaic— mhoitigh sí tarman ag an daras agus thenaic — thenaic bean isteach a rabh láimh mhór uirthi. Bhí láimh uirthi bhí comh mór le dhá láimh "My oh" ars'an bhean "Goide'n fath bhfuil tú caoineadh"? "Oh" ar sise "Seo" ar sise "Barrach at' ugum le sniomh agus níl mé ábalta a shniomh"

"Well ma bheir tú cuireadh na bainse damhsa" arsa'n tsean-chailleach "Sniomhfaidh mise duit e"

"Bheirfidh cinnte" ar sise.

Thúsaigh'n tsean-chailleach agus shniomh sí'n barrach agus ní rabh se tonch go rabh se snigte aici.

Nuair a bhí se snigte aici, d'imith sí annsin. Duirt sé—duirt sise leihi.—thúsaigh sise annsin agus chior sí a cionn nuair a d'imigh'n sean-chailleach agus bhí sí fittailte 'mach ag teacht isteach do'n bhárrioghan agus gan dadaidh le déanú aici.

"Oh my oh" arsa'n bhárrioghan adeir sí



A 616:27

3.

"Well" ar sise

Thug amach i annsin. Bhí an suipear ocu agus bhí siad 'na — damhsa agus suipear bhréugh ocu go maidin. Nuair a bhí'n suipear thart achan rud 'a a damhsa ann duirt a tsean-bhárrioghan ar maidin lár'r na mhárach

"Well caithfe tú" ar sise ar maidin lá'r na mhárach "A snáth seo shniomh tú caithfe tú é fhighendaracht"

Thug isteach ar maidin lá'r na mhárach i agus 'steach an áit a rabh sebl agus chuir a fhighendaracht i agus fhighendaracht — 'g iarraidh bheith figheadaracht agus ní rabh sí ábalta agus thúsaigh sí chaoineadh. Nuair abhí sí caoineadh tumallt thenaic bean isteach agus bhí an-chos uirthi—cos uirthi bhí comh mór le trí chos

"Oh my oh" arsa'n bhean "goide'n fath bhfuil tú caoineadh?"

"Oh tá" ar sise "Bhí— d'fhag a bhárrioghan istuigh me annseo le seo a fhighendaracht agus lion-eudrach a dhéanú dó agus níl me ábalta".

"Well ma bheir tú cuireadh na bainse damhsa" ar sise "Dhéanfa me sin duid" ar sise

"Bheirfidh agus fáilte" ar sise.

D'imigh'n chailleach na coise mbíre agus chuir isteach ins



A 616:28

4.

a tseöl í agus thúsaigh fhigheadaracht; ní rabh se touch go rabh'n lion-eudrach ba deise thenaic tú 'riamh déanta aici. Nuair a bhí sin déanta, shuidhe sise agus d'imigh'n chailleach annsin agus shuidhe sise annsin bhí sí — nuair a thenaic a bhárrionghan

"Oh my oh" arsa'n bhárrionghan "Tá tú an-mhaith ag obair"  
D'imigh sí fhín 's a bhárrionghan amach annsin agus bhí suipear ocu agus iad — an bréugh pléisiurach ocu 6 sin go dí am colata agus nuair a fuair siad i luighe annsin.  
Ar maidin lá'r na mhárach nuair a d'eirigh siad arais,  
thug a tsean-bhárrionghan isteach annsin go room eile agus bhí léinteacha le déanú do'n lion-eudrach ar maidin lá'r na mhárach. Thúsaigh sí sin — ní rabh sí ábalta bhit — ní rabh sí ábalta léinidh bith dhéanú ná dadaidh 's bhí sí 'g iarraighe bheith fittal agus thúsaigh sí caoineadh sa deireadh. Nuair a bhí sí caoineadh tumallt thenaic bean isteach agus an-ghaothsan uirthi — gaothsan uirthi comh fada le chúig ghaothsan.

"My oh" arsa bean a ghaothsain mhoir "Goide bhfuil tú caoineadh fa dtaoibh do"

"Oh tá" ar sise "Tá leinteacha le déanú ugum a d'fhag a bhárrionghan chugum lena ndéanú agus geobhainn mac a riogh le pósú da mbinn ábalta a ndéanú — níl mé ábalta



A 616:29

5.

dadaidh dhéanú"

"Well dhéanfa mise na leinteacha duid" arsa'n — bhean a ghaothsain mhóir "Ma bheir tú cuireadh na bainse damh"  
"Bheirfidh" ar sise.

D'imigh bean a ghaothsain móir agus rinn na léinteacha agus nuair a bhí na leinteacha déanta aici, d'imigh sí annsin agus thenaic a bhárrionn annsin agus duirt nach bhacaidh'n leinidh déanta 'ríamh hair ní b'fhearr agus duirt nach mhéadh an bhean ag na mac a chóiche ach í.

Himeadh agus pointaladh lá agus pósú í fhín agus mac a ríogh agus nuair a thúsaigh lucht na bainse chruinneadh thenaic bean isteach a cheudamhair a rabh an-láimh uirthi.  
"An duine muinnteara duitse í sin" arsa mac a ríogh lena bhean ?

"Seadh cinnte" ar sise.

Niorbh fhada bhí sí sin istuigh go dtéanaic bean isteach agus — agus an chos uirthi.

"An duine muinnteara duitse í sin" arsa mac a ríogh leihi?  
"Seadh cinnte" ar sise

Ní rabh sí sin i bhfad istuigh go dtéanaic bean isteach agus gaothsan mór uirthi.

"An duine muinnteara duitse í sin?" arsa — arsa mac a ríogh.  
"Seadh cinnte" ar sise.



A 616:30

6.

Well bhí mac a ríogh — ní thíocfadh leis stad a chaoimhead ar na trí bhean — bhí siad na suidhe i dtaoibh a toighe agus ins a deireadh fuaidh se 'un cainnte leófa.  
"My oh" ar seisean le bean ocu — leis a bhean a rahb'n láimh mhór uirthi.

"Nach millteanach a láimh at' ort"

"Oh tá" ar sise "An fear abhí úgumsa" ar sise "Choinnigh se sniomh me rith — rith mo shaoghail agus d'at mo láimh agus níor thraoch sí o shoin"

"My oh" ar seisean leis a bhean eile "Nach móir a chos at' ortsa"

"Oh tá" ar sise "An fear abhí ugumsa" ar sise "Choinnigh se figheadaracht mé ar fad agus d'at mo chos agus níor thraoch sí o shoin".

"My oh" ar seisean

"Well goide thenaic ar do ghaothsanta" ar seisean leis a bhean eile ?

"Agad" ar sise "An fear abhí ugumsa" ar sise "Choinnigh se fuaigneal me oiche 's lá agus d'at mo shrón agus níor thraoch sí o shoin"

"Well mas é sin mar tá" ar seisean "Ní leigfidh mise do mo bhean a bhit a shniomh go bráth ná'n bhit — ná'n bhit

7.

a fhigheadaracht ná'n bhit fhuaigheall a choiche" agus sin  
mar d'fhag mise iad.

.....



A 616:31